## Mórchéimeanna Dul chun Cinn don Scríbhneoireacht

| | |
|---|---|
| *a luath | Fiosraíonn an páiste uirlisí agus dromchlaí éagsúla chun téacsanna** a chruthú. Pléann sé/sí le meicnic an mharc-chruthaithe agus na teicneolaíochta de réir mar is cuí. Baineann an páiste úsáid as marcanna, comharthaí, siombailí nó téacsanna** chun brí a bhaint. Úsáideann sé/sí gothaí, fuaimeanna agus/nó focail chun a c(h)uid oibre a roinnt. |
| a | Taitníonn sé leis an bpáiste marcanna agus cruthanna difriúla a dhéanamh ag úsáid uirlisí difriúla. Comhroinneann sé taithí agus suimeanna pearsanta trí na marcanna agus na cruthanna sin. Comhroinneann an páiste iad sin le daoine eile ag úsáid gothaí, fuaimeanna nó focal. |
| b | Taitníonn sé leis an bpáiste a bheith ag déanamh foirmeacha ar nós litreacha agus líníochtaí agus iad ag súgradh le huirlisí agus le hábhair dhifriúla. Comhroinneann sé brí trí roinnt gnéithe a ainmniú. Idirdhealaíonn an páiste idir litreacha agus pictiúir agus aithnítear roinnt litreacha i bhfocail choiteanna. Scríobhann agus idirghníomhaíonn sé, ag comhroinnt taithí phearsanta, agus an múinteoir ag feidhmiú mar scríobhaí. |
| c | Taitníonn scríbhneoireacht fhabhraitheach leis an bpáiste agus iad ag úsáid acraí éagsúla agus ag taispeáint smacht maith ar na matáin. Míníonn sé na príomhtheachtaireachtaí ina gcuid scríbhneoireachta. Úsáideann an páiste bunghnásanna cló, ainmnítear agus fuaimníonn roinnt litreacha agus úsáidtear teaglamaí randamacha litreacha sa scríbhneoireacht. Léiríonn eolas ar na fuaimeanna atá clúdaithe sna hiarrachtaí. Úsáideann sé foclóir nua ó théacsanna** a léitear agus scríobhann ar son cuspóirí ar leith agus bíonn ag idirghníomhú leis an múinteoir mar scríobhaí. |
| d | Leanann an páiste ag scríobh i gcomhar leis an múinteoir agus tosaítear ag scríobh go neamhspleách faoi thaithí phearsanta agus faoi thopaicí coiteanna. Úsáideann sé roinnt litreacha atá ceart ó thaobh na bhfuaimeanna de agus patrúin choiteanna litreacha agus focail aitheanta le linn dóibh roinnt ord ceart focal, lánstadanna agus spásanna a úsáid in abairtí. Scríobhann an páiste roinnt litreacha cás uachtair agus cás íochtair go hinléite mar litreacha reatha scartha. Léann agus pléann sé a dtéacsanna** agus roghnaíonn cinn le cur ar taispeáint. |

***tá 'a' luath dírithe ar pháistí atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta diagnóisithe. D'fhéadfaidís a bheith ar mhórchéimeanna níos airde (e.g: a-d), ag brath ar an réimse agus ar a gcuid buanna agus riachtanas.***

**** tagraíonn 'téacs' do gach táirge úsáid teanga ó bhéal, gothaí, téacs scríofa, téacs amhairc agus téacs digiteach.*

| Gné | Toradh Foghlama: Uimhir agus lipéad | *a luath Gníomh an pháiste... | a Gníomh an pháiste... | b Gníomh an pháiste... | c Gníomh an pháiste... | d Gníomh an pháiste... |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cumarsáid | 1. Rannpháirtíocht | Baineann an páiste spraoi as a bheith ag cruthú marcanna agus úsáideann sé/sí gothaí, fuaimeanna nó focail chun aird a tharraingt orthu sin agus é le feiceáil go dtuigeann sé/sí go bhfuil brí le téacsanna**. | Bíonn spraoi ag an bpáiste ag déanamh marcanna agus úsáideann sé/sí gothaí, fuaimeanna nó focail chun aird a dhíriú orthu sin. | Taitníonn leis an bpáiste pictiúir agus foirmeacha ar nós litreacha a chruthú agus comhroinneann sé brí trí roinnt gnéithe ina chuid téacsanna** a ainmniú. | Taitníonn sé leis an bpáiste a théacsanna** scríofa luatha féin a chruthú agus míníonn sé/sí na príomhtheachtaireacht aí iontu sin. | Taitníonn scríbhneoireacht leis an bpáiste agus comhroinneann sé/ sí brí trína chuid téacsanna** a léamh agus a phlé. |
| | 2. Inspreagadh agus rogha | Roghnaíonn an páiste a bheith páirteach i marc-chruthú. | Úsáideann an páiste gothaí, fuaimeanna nó focail chun aird a dhíriú ar na téacsanna** is fear leo a chruthaigh siad féin.. | Bíonn an páiste ag súgradh le huirlisí agus le hábhair éagsúla chun téacsanna** a chruthú ar a rogha topaice agus roghnaíonn na téacsanna** atá le roinnt le daoine eile. | Úsáideann an páiste uirlisí agus ábhair éagsúla chun téacsanna** a chruthú ar thopaic roghnaithe agus roghnaíonn téacsanna** le cur ar taispeáint. | Le neamhspleáchas atá ag méadú, roghnaíonn an páiste topaic agus uirlisí cuí chun téacsanna** a chruthú agus roghnaíonn téacsanna** le foilsiú agus le cur ar taispeáint. |
| Tui scin | 3. Gnásanna cló agus struchtúr | Cuireann an páiste marcanna, comharthaí, siombailí nó téacsanna** | Úsáideann an páiste cruthanna agus iad ag | Déanann an páiste idirdhealú idir litreacha agus | Déanann an páiste idirdhealú idir léitheoireacht agus | Úsáideann an páiste ord ceart na bhfocal cuid |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | abairte<br><br>*º Tréithe Breise – Gaeilge* | sa treoshuíomh ceart agus/nó san ord ceart chun brí a bhaint. | tarraingt marcanna chun cumarsáid a dhéanamh. | pictiúir. | scríbhneoireacht agus scríobhann ó chlé go deas, ó bhun go barr, leathanach ar leathanach. | den am, struchtúr abairte agus litreacha, spásanna, focail, abairtí agus lánstadanna agus tosaíonn ar cheannlitreacha a úsáid go cuí. Aithníonn an páiste go bhfuil tréithe ar leith i scríobh na Gaeilge, síntí fada, séimhiú, urú srl.<br><br>Aithníonn an páiste go n-athraíonn focail de réir struchtúr abairte. |
| | 4.<br>Litriú | Baineann an páiste úsáid as comharthaí, siombailí nó téacs** chun brí a bhaint. | Úsáideann an páiste cruthanna agus é/í ag déanamh marcanna. | Aithníonn an páiste roinnt litreacha I bhfocail atá feicthe aige/aici cheana agus úsáideann iad sin agus siombailí eile chun téacs** a léiriú.<br><br>Tugann an páiste chun cuimhne gnéithe/difríochtaí a bhaineann le pictiúir agus/nó | Ceanglaíonn an páiste an litir leis an bhfuaim i gcás roinnt focal sa chás uachtair agus sa chás íochtair, úsáideann slabhraí randamacha litreacha agus tosaíonn ag léiriú tuiscint éiritheach ar fhuaimeanna na litreacha chun téacs** a léiriú.<br><br>Tuigeann an páiste an | Úsáideann an páiste roinnt litreacha atá ceart ó thaobh na bhfuaimeanna de, patrúin choitianta litreacha agus focail aitheanta.<br><br>Tosaíonn an páiste ar idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna gutaí fada agus |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | rudaí. | ceangal idir an focal scríofa agus an chaint.<br><br>Tosaíonn an páiste ar chló a chóipeáil. | fuaimeanna gutaí gearra.<br><br>Aithníonn an páiste difríochtaí agus cosúlachtaí idir litreacha éagsúla. |
| | *º Tréithe Breise – Gaeilge* | | | | | Léiríonn an páiste níos mó eolais ar na bunfhuaimeanna agus tosaíonn ag úsáid litrithe malartacha sna focail.<br><br>Léiríonn an páiste eolas ar athruithe gramadaí atá ar eolas ó bhéal leis an dóigh lena scríobh (séimhiú/ urú/iolra srl.) |
| | 5.<br>Foclóir | | Úsáideann an páiste marcanna agus cruthanna chun taithí phearsanta a roinnt. | Úsáideann an páiste teanga óna thaithí phearsanta agus úsáideann í go spraíúil agus le samhlaíocht i dtéacsanna** a chruthaíonn sé/sí agus an múinteoir ag feidhmiú mar scríobhaí. | Úsáideann an páiste stór focal agus frásaí nua ó théacsanna** a léann sé/sí agus úsáideann teanga go spraíúil agus le samhlaíocht I dtéacsanna** a scríobhann sé/sí in éineacht leis an múinteoir. | Úsáideann an páiste teanga óna thaithí phearsanta, ó théacsanna** a léann sé/sí agus ón timpeallacht.<br><br>Úsáideann an páiste teanga go spraíúil agus le samhlaíocht i dtéacsanna** a |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fiosrú agus úsáid | | | | | | chruthaíonn sé/sí go neamhspleách. |
| | *º Tréithe Breise – Gaeilge* | | | | | Úsáideann an páiste focail, frásaí agus cora cainte dúchasacha ón mbaile/ón timpeallacht sa scríbhneoireacht. |
| | 6. Cuspóir, seánra◊ agus guth | Baineann an páiste úsáid as comharthaí, siombailí nó téacs** chun a gcuid eispéireas, smaointe, tuairimí, roghanna agus smaointe a roinnt lena gcomhpháirtithe le muinín atá ag fás. | Comhroinneann an páiste smaointe, eolas agus taithí le daoine eile trína gcuid marcanna. | Tosaíonn an páiste ag roinnt smaointe, eolais agus eispéireas ar mhaithe le cuspóir agus lucht éisteachta ar leith agus é/í ag úsáid marcanna, líníochtaí agus roinnt litreacha. | Scríobhann agus tarraingíonn an páiste ar mhaithe le cuspóir agus lucht éisteachta ar leith, ag roinnt smaointe, eolais agus eispéireas ag an am céanna. | Scríobhann an páiste ar mhaithe le réimse níos leithne cuspóirí agus lucht éisteachta ag roinnt smaointe, eolais agus eispéireas ag an am céanna. |
| | 7. An Próiseas scríbhneoireachta | | Úsáideann an páiste taithí phearsanta agus rudaí a bhfuil spéis acu iontu mar spreagadh le haghaidh a dtéacsanna**. | Tosaíonn an páiste ag glacadh páirte i scríbhneoireacht chomhoibríoch agus an múinteoir mar scríobhaí acu. | Úsáideann an páiste topaicí aitheanta mar spreagadh le haghaidh téacsanna** agus é/í ag cumadh téacsanna** i gcomhpháirt leis an múinteoir. | Pleanálann an páiste téacsanna** ó bhéal go comhoibríoch, cuireann in ord agus scríobhann le páistí eile iad agus cumann téacsanna** le páistí eile; léann agus pléann a gcuid scríbhneoireachta. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 8 .<br>Freagairt agus intinn an údair | Baineann an páiste úsáid as gothaí, fuaimeanna nó focail le léiriú go bhfuil brí phearsanta lena gcuid marcanna. | Úsáideann an páiste gothaí, fuaimeanna nó focail chun a thaispeáint go bhfuil brí phearsanta lena chuid marcanna agus chun freagairt do théacsanna** daoine eile a thaispeántar nó a léitear dó. | Labhraíonn an páiste faoina théacsanna** féin agus tosaíonn ag freagairt do théacsanna** daoine eile trí chaint, marcanna agus líníochtaí. | Labhraíonn an páiste faoi líníochtaí níos mionsonraithe, agus úsáideann iad, ina théacsanna** féin agus tugann níos mó sonraí mar fhreagra ar théacsanna** daoine eile. | Úsáideann an páiste líníochtaí níos mionléirithe chun sonraí a roinnt agus aithníonn píosaí téacs** simplí soiléire mar fhreagra ar cheisteanna sonracha.<br><br>Comhroinneann an páiste léirmhíniú pearsanta ar théacs** duine eile. |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 9. Peannaireacht | Glacann an páiste páirt sa mheicnic a bhaineann le cleachtaí marc-chruthaithe chun foirm téacs** a chruthú de réir cumais agus é/í ag úsáid mótarscileanna nó scileanna súilfhéachana de réir mar is cuí.<br><br>Fiosraíonn an páiste uirlisí[1] agus dromchlaí[2] éagsúla chun téacsanna** a chruthú. | Fiosraíonn an páiste uirlisí chun marcanna a dhéanamh. | Úsáideann an páiste roinnt smachta ar mhatáin chun foirmeacha atá ar nós litreacha a dhéanamh. | Úsáideann an páiste smacht maith ar mhatáin.<br><br>Scríobhann an páiste roinnt litreacha sa chás uachtair agus sa chás íochtair. | Scríobhann an páiste roinnt litreacha sa chás uachtair agus sa chás íochtair go hinléite agus mar litreacha cuartha scartha. |

**◊ Tagraíonn seánra do réimse foirmeacha scríofa agus labhartha d'fhonn athinsint, míniú, siamsaíocht a chur ar fáil, eolas a chur ar fáil, treoracha a thabhairt, insint, áiteamh agus údar a thabhairt le tuairimí.**

**º Ag úsáid a chanúna féin mar is cuí**

[1] Áirítear ar na huirlisí (ach d'fhéadfadh uirlisí eile a bheith ann freisin) rud ar bith atá in ann marcanna a chruthú, e.g., lámha/cosa, gléas leictreonach, cathaoir rothaí, crián/peann luaidhe/péint, cúr etc.

[2] Áirítear ar na dromchlaí (ach d'fhéadfadh dromchlaí eile a bheith ann freisin) aon dromchla is féidir a úsáid chun marcanna a chruthú, e.g., páipéar, gléas digiteach, urlár, balla, deasc etc.